Tubaiste sa tSeapáin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin tubaiste uafásach a tharla sa tSeapáin. Sula bhféachann tú ar an mír, déan plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoin scéal seo cheana féin.

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Engineer_____
Nuclear disaster_____
Apparatus/Equipment_____
Tsunami_____
Earthquake_____
Embassy_____
Citizens_____
Seawater_____
Reactors_____
Fuel rods_____
Relief/Assistance_____
Electricity_____
Foreigner_____
Aftershocks_____
Tokyo_____
Chernobyl_____

Ceist 3 Ag obair leis an duine in aice leat go fóill, breacaigí síos ábhar na míre. Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

a. Céard atá á sheachaint ag na hinnealtóirí?

b. Cé a bhí i dteagmháil le saoránaigh na hÉireann?

c. Cad atá á phumpáil isteach sna himoibreoirí?

d. Cén fáth go bhfuil an t-ábhar seo á phumpáil?

e. Cad é tuairim na saineolaithe?

f. Cad atá faoi lán tseoil sa tSeapáin faoi láthair?

g. Cén luach damáiste a luaitear?

h. Cad atá ag tarlú fós go rialta?

Ceist 4 Cloistear ‘níos géire’ sa sliocht

Bain triail as na samplaí eile thíos

Bunchéim	Breischéim	Sárchéim
Fliuch		
Breá		
Dona		
Fada		
Tuisceanach		

Ceist 5 **‘***Roinnt eachtrannach’*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

Déan iarracht na focail idir lúibíní a athrú más gá.

1. Roinnt (leabhar)
2. Stábla (na + capall)
3. Praghas (na + bróga)
4. Seomra (na + cailíní)
5. Leithris (na + fir)
6. Leabhair (na + filí)
7. Seolta (na + bád)
8. Líon (na + daltaí)
9. Dathanna (na + úlla)
10. Méid (na + páirceanna)

Ceist 6 An bhfuil aon eolas breise agat faoin tubaiste a tharla ó shin?

An bhfuil cur amach agat ar aon súnámaí nó crith talún mór eile a tharla in áit ar bith eile ar domhain?

An mbeifeá sásta maireachtáil i dtír ina dtarlaíonn creathanna talún go rialta?

Teastóidh go leor cúnaimh anois ó mhuintir na Seapáine. Ar smaoinigh tú ar bhealach go bhfeadfá airgead a bhailiú dóibh?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal seo.

Ceist 2

Engineer: **Innealtóir**

Nuclear disaster: **Tubaiste núicléach**

Apparatus-Equipment: **Gléasra**

tsunami: **Súnámaí**

Earthquake: **Crith talún**

Embassy: **Ambasáid**

Citizens: **Saoránaigh**

Seawater: **Uisce sáile**

Reactors: **Imoibreoirí**

Fuel rods: **Slatra Breosla**

Relief/Assistance: **Fóirithint**

Electricity: **Aibhléis/Leictreachas**

Foreigner: **Eachtrannach**

Aftershocks: **Iarchreathanna**

Tokyo: **Tóiceo**

Chernobyl: **Searnóbail**

Ceist 3

a) Tá tubaiste núicléach á seachaint ag na hinnealtóirí.

b) Bhí Ambasáid na hÉireann i dTóiceo i dteagmháil le saoránaigh na hÉireann.

c) Tá uisce sáile á phumpáil isteach san himoibreoirí.

d) Ta an t-uisce sáile á phumpáil le na slatra breosla a fhuarú.

e) Is é tuairim na saineolaithe gur beag an seans go dtarlóidh tubaiste mar a tharla i Searnobail.

f) Tá fóirithint mhór daonnachta faoi lán tseoil faoi láthair.

g) Tá 170 billiún dollar de dhamáiste déanta.

h) Tá iarchreathanna fós ag tarlú go minic

Ceist 4

Bunchéim	Breischéim	Sárchéim
Fliuch	Níos fliche	Is fliche
Breá	Níos breátha	Is breátha
Dona	Níos measa	Is measa
Fada	Níos faide	Is faide
Tuisceanach	Níos tuisceanaí	Is tuisceanaí

Ceist 5 **‘***Roinnt eachtrannach’*

An ginideach iolra atá i gceist sa sampla thuas.

Más lagiolra atá i gceist (focal a chríochnaíonn ar chonsan chaol nó a chuirtear ‘a’ leis san ainmneach iolra), baintear úsáid as an ainmneach uatha, le hurú, sa ghinideach iolra.

1. Roinnt **leabhar**
2. Stábla **na gcapall**
3. Praghas **na mbróg**
4. Seomra **na gcailíní**
5. Leithris **na bhfear**
6. Leabhair **na bhfilí**
7. Seolta **na mbád**
8. Líon **na ndaltaí**
9. Dathanna **na n-úll**
10. Méid **na bpáirceanna**

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Tá tréaniarrachtaí ar bun ag innealtóirí sa tSeapáin tubaiste núicléach ag gléasra núicléach Fukushima a sheachaint. Rinneadh[1] damáiste ollmhór don ghléasra nuair a bhuail crith talún agus súnámaí oirthear na tíre dé hAoine. Bhí Ambasáid na hÉireann i dTóiceo i dteagmháil le saoránaigh na hÉireann atá ina gcónaí sna ceantair[2] atá buailte agus thug siad le fios go bhfuil muintir na hÉireann ansin slán.

Trí lá i ndiaidh na tubaiste, tá imní mhór faoi ghléasra núicléach Fukoshima, áit ar tharla an dara pléascadh hidrigine ar maidin. Rinneadh[3] damáiste ollmhór don ghléasra nuair a bhuail crith talún agus súnámí an ceantar de hAoine seo caite. Tá iarrachtaí móra ar bun ag Innealtóirí tubaiste núicléach a sheachaint agus tá uisce sáile á phumpáil isteach sna himoibreoirí in iarracht na slatra[4] breosla a fhuarú. Deir roinnt saineolaithe gur drochsheans go dtarlódh tubaiste mar a tharla i Searnóbail sna hochtóidí, mar go bhfuil caighdeán sábháilteachta níos géire in úsáid anois, ach fós féin bogadh ochtó míle duine as an réigiún ina bhfuil an stáisiún núicléach. Tá fóirithint mhór daonnachta faoi lán tseoil sa tSeapáin, áit a bhfuil na mílte fágtha gan dídean. Tá na milliúin eile gan chumhacht aibhléise ná uisce. Meastar go bhfuil luach 170 billiún dollar de dhamáiste déanta don tír. Tá roinnt eachtrannach ag fágáil na tíre ar fad agus iarchreathanna fós ag tarlú go rialta. Spreagann siad sin imní go dtarlóidh súnámaí eile agus tá daoine scanraithe go bhfuil níos measa fós le teacht.[5]

---

[1] Deineadh a deirtear
[2] Ceantracha a deirtear
[3] Deirtear 'Deineadh'
[4] Slatracha atá sa gcaint
[5] Le theacht a deirtear